

Tuairisceán Comhlíontais faoin Treoir Scoile

Nótaí mínithe agus freagairt shamplach chun tacú leis an dtuairisceán comhlíontais a chomhlánú

ROS (DES) An Roinn Oideachais agus Scileanna	LNTO (NCGE) An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas
TS (JC) An tSraith Sóisearach	OSPS Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (SPHE)
CGAT Clár Gairme na hArdteistiméireachta (LCVP)	

Foramharc

Is í aidhm an doiciméid seo ná tacú le scoileanna nuair a bhíonn an tuairisceán comhlíontais a d'éisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) á chomhlíonadh acu. Chuir an LNTO liosta na gceisteanna atá le cur sa tuairisceán comhlíontais ar fáil roimh don cheistneoir ar líne a bheith ar fáil ón ROS. Is chun tacú le scoileanna nuair a bhíonn na freagairtí á phleanáil acu roimh dóibh an ceistneoir ar líne a chomhlánú a rinneadh é seo. Tabhair aird go gcaithfear an ceistneoir ar líne a chomhlánú in aon seisiún amháin i.e. ní féidir an tuairisceán comhlíontais a shábháil agus a chríochnú ag am níos déanaí. Táthar ag súil go mbeidh an ceistneoir ar líne ar fáil ó lár mhí an Mheithimh ar aghaidh. Is é an spriocdháta chun na freagairtí a chur ar ais ná 26 Deireadh Fómhair, 2017.

Sainmhínithe

D'fhéadfadh go gcabhródh na sainmhínithe seo a leanas nuair a bhíonn an tuairisceán á chomhlánú.

Treoir i scoileanna:

“baineann treoir sna scoileanna le sraith d’imeachtaí foghlama curtha ar fáil in ord forásach a chabhraíonn le mic léinn scileanna féinstiúrtha a fhorbairt as a dtiocfaidh roghanna agus socruithe éifeachtacha faoina saol. Cuimsíonn sé trí réimse atá nasctha lena chéile; forás pearsanta agus sóisialta, treoir oideachais agus treoir ghairme”.

(An Roinn Oideachais agus Scileanna; 2005; lch. 4).

Comhairliúchán a bhíonn ar fáil i gcomhthéacs na treorach:

“Is cuid lárnach den chlár treorach é an comhairliúchán, a chuirtear ar fáil don duine aonair nó do ghrúpa mar chuid de phróiseas forásach foghlama agus ar uair na héigeandála pearsanta. Tá sé mar chuspóir ag an gcomhairliúchán a chur ar chumas mac léinn cinneadh a dhéanamh, fadhbanna a réiteach, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iompair, straitéisí déileála a fhorbairt agus deacrachtaí a bhíonn acu a scaoileadh. D'fhéadfadh comhairliúchán pearsanta, comhairliúchán oideachais, comhairliúchán gairme, nó meascán daoibh seo, a bheith i gceist le comhairliúchán i scoileanna”.

(An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2005; lch. 4).

Gníomhaíochtaí um Threoir

Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid d’obair an treoirchomhairleora (ROS, 2016; lch. 8):

- Clár foghlaim na treoirchomhairle agus clár fhorbraíochta a dhearadh, a sheachadadh agus a mheasúnú a bhaineann le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme do shuíomhanna aonair, agus do shuíomhanna grúpa agus rangsheomra
- Straitéisí éifeachtacha múinte, foghlama agus measúnaithe a fhorbairt don rang treoirchomhairle
- Comhairliú aonair agus grúpa a chur ar fáil chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus le forbairt oideachais agus gairme agus é a chur ar fáil ag uair na géarchéime pearsanta

- *Eolas a bhaineann leis an margadh saothair, leis an bhfoghlaim agus le gairmeacha a chur ar fáil trí Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus trí chuir chuige foghlama*
- *Foghlaim san ionad oibre a phleanáil agus a eagrú agus naisc a bhunú leis na bpobal mór gnó, le gníomhaireachtaí agus leis an earnáil dheonach*
- *Tástálacha síciméadracha (i.e. tástálacha cumais agus inniúlachta agus fardail de shuimeanna gairme) a úsáid d'fhonn éascú le cinnteoireacht ghairme agus leis an bhforbairt phearsanta, agus tacú le roghanna foghlama agus oideachasúla*
- *Tacaíocht a thabhairt don scoil agus do lucht bainistíochta agus foireann an BOO, agus oibriú i gcomhar leis na daoine céanna, i bpleanáil, teorú, seachadadh, athbhreithniú agus measúnú na seirbhíse/clár treorach agus plean treorach na scoile uile*
- *Oibriú i gcomhar le tuismitheoirí (de réir mar is cuí) agus le gníomhaireachtaí tarchuir chun éascú le forbairt phearsanta agus sóisialta agus forbairt oideachais agus gairme mac léinn agus úsáideoirí na seirbhíse*
- *Mic léinn agus úsáideoirí seirbhíse a tharchur chuig gníomhaireachtaí seachtracha agus chuig gairmithe, de réir mar is cuí*
- *Naisc dhlútha a bhunú le scoileanna friothálacha, áit is cuí, agus le hionaid bhreiseoideachais agus oiliúna agus ardoideachais*

Treoir Scoile Uile

D'fhéadfadh go mbeadh bainistíocht agus foireann na scoile bainteach leis na gníomhaíochtaí thuas a phleanáil/sholáthar ag brath ar an saineolas, na scoileanna agus na hinniúlachtaí atá acu m.sh d'fhéadfadh go mbeadh ról ag an múinteoir tacaíochta foghlama/comhordaitheoir na riachtanas oideachais speisialta (ROS) toisc iad a bheith oile ar thástáil shíciméadrach chun tacú leis an dtreoirchomhairleoir chun na trialacha síciméadracha a riar (féach tuilleadh eolais in Imlitir 0035/2017 http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0035_2017.pdf maidir le riar na dtrialacha síciméadracha i scoileanna). Is cuid den chur chuige scoile uile don treoir a leithéid de rannpháirtíocht ag baill eile d'fhoireann na scoile sa phleanáil agus sa soláthar ar ghníomhaíochtaí don treoir.

Tá sé riachtanach, mar atá san Acht Oideachais 1998, 'Rochtain' a bheith ag scoláirí ar 'Threoir Chúí'. Is é an sainmhíniú atá ag an Roinn ar 'Threoir Chúí' ná "...an freastal a dhéanann an scoil ina iomlán ar riachtanais na mac léinn" (ROS, 2005; lch. 4). Is é an sainmhíniú atá ar an bhfreastal a dhéanann an scoil ina iomlán ná go mbíonn an treoirchomhairleoir i gceist, ar an gcéad dul síos, agus baill ábhartha eile an bhoird bhainistíochta agus na foirne (féach Treoirlínte na ROS 2005 d'eolas breise - https://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/m37_03.pdf).

An Plean Scoile Uile um Threoir

Déanann an LNTO (2004) cur síos ar an bPlean um Threoir Scoile mar "... an doiciméad ina ndéanann an scoil sainmhíniú de réir eagair ar an gclár treorach a chuireann sé ar fáil agus ina léirítear conas a riartar na hacmhainní chun an clár a chur i bhfeidhm." (LNTO, 2004: lch. 8).

I dtreoirlínte na ROS (2005) moltar do scoileanna "...plean cuimsitheach treorach a fhorbairt mar chuid den phlean iomlán forbartha scoile, ag cur san áireamh riachtanais na mac léinn, acmhainní atá ar fáil agus tosca áitiúla" (ROS, 2005; lch. 4). Déanann an ROS cur síos ar an bplean um threoir mar seo a leanas:

- cur síos ar imeachtaí foghlama agus ar ghníomhaíochtaí an phlean um threoir
- freastal ar riachtanais mac léinn sa tsraith sóisearach agus sa timthriall sinsearach

- a dhearbhú go mbíonn cothraime idir an treoir phearsanta, shóisialta, oideachais agus ghairme a chuirtear ar fáil do mhic léinn.

Tá eolas ar fáil in Imlitir ROS 0010/2017 ar an bplean scoile uile um threoir http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0010_2017.pdf

Chun eolas breise a fháil ar an bplean scoile uile um threoir, déan tagairt d'fhoilseachán LNTO (2004) *Ag Pleanáil an Chláir um Threoir Scoile* – http://www.ncge.ie/uploads/PI_Sch_Gui_prog_leaf.pdf agus ar láithreán gréasáin na ROS <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Post-Primary-School-Policies/Policies/Guidance-Plan.html>.

Freagairt Shamplach ón LNTO chun Tacú leis an dTuairisceán Comhlíontais a Chomhlánú

Tabhair aird gur sampla réamhullmhaithe é seo chun díriú ar an tslí inar féidir plé le ceistanna éagsúla agus chun soiléireacht a thabhairt faoin eolas atá á lorg ó cheisteanna aonair. Níl sé i gceist gur freagairt chríochnaitheach atá ann.

CUID 1

RÉAMHRÁ –

C 1. Tabhair eolas le do thoil faoi chomhlánú an tsuirbhé seo

Baineann sé seo leis an té atá ag comhlánú an Cheistneora. Moltar do bhainistíocht na scoile agus don treoirchomhairleoir an fhreagairt a phleanáil agus a phlé roimh dháta an chomhlánaithe.

Is mise	Cuir tic (amháin)
An Príomhoide	✓
An Príomhoide Tánaisteach	
Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta	
Treoirchomhairleoir	
Eile	

C 2. Inis beagán dúinn faoi do scoil:

Rollúchán na scoile 2015-16 880

Rollúchán na scoile 2016-17 886

DEIS NÍ hEA

CUID 2

C 3. An Plean Treorach

Cuireann Plean Scoile don Treoir creat riachtanach ar fáil chun clár treorach na scoile a sholáthar.

Deimhníonn pleanáil rathúil freagairt struchtúrtha do riachtanais oideachasúil, gairmiúil agus pearsanta/sóisialta na scoláirí. **Déan tagairt don eolas atá curtha ar fáil thuas faoin bpleanáil scoile uile um threoir (leathanach 2).**

a) An bhfuil plean scoile-uile agat don treoir?

TÁ

b) An bhfuil na codanna seo a leanas i do Plean um Threoir scoile uile?

	Tá	Níl
Aidhmeanna chlár um threoir na scoile	√	
Cur síos ar an soláthar reatha don treoir	√	
Leagan amach ar an gclár um threoir reatha	√	
Cur síos ar acmhainní don Treoir, ar a n-áirítear eolas faoi achair churaclaim agus faoi mhúinteoirí atá gafa leis an soláthar ar threoir scoile uile	√	
Liosta de thosaíochtaí na scoile don treoir	√	
Plean gníomhaíochta bainteach leis na tosaíochtaí sin don treoir	√	
Nósanna imeachta chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an gclár um threoir	√	
Dréachtaí de na polasaithe ábhartha	√	
Eile		

C 4. Ról Maoirseachta ón mBord Bainistíochta

- a) An bhfuil an Plean um Threoir athbhreithnithe agus faofa ag an mBord Bainistíochta? **TÁ**
- b) Má tá, cathain a rinneadh an plean a athbhreithniú agus a fhaomhadh? **2013**
- c) Muna bhfuil, cathain a tharla an t-athbhreithniú deireanach ar an bPlean um Threoir?
(athbhreithniú na scoile ar an bplean) - NÍ BHAINÉANN sa chás seo toisc gur TÁ atá i gcuid a).

C 5. Mar chuid de ról maoirseachta an Bhoird, tugann an Bord faomhadh don leithdháileadh ar acmhainní don Treoir – scoilbhliain 2016/17:

- a) Cad é an t-leithdháileadh iomlán (uair sa tseachtain) i 2016/17 ag do scoil chun treoir scoile uile? **Féach thuas don mhíniú ar an treoir scoile uile. Clúdaíonn an treoir scoile uile baill de bhainistíocht na scoile agus an fhoireann atá gafa leis an gclár scoile uile um threoir a phleanáil agus a sholáthar i.e. freagairt na scoile uile chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí. Déan tagairt don phlean scoile uile um threoir nuair a bhíonn do fhreagairt á chur ar fáil. Mar shampla, d'fhéadfá na baill seo a leanas d'fhoireann na scoile (má tá na cláir ar fáil sa scoil) a áireamh sa bhfreagairt: OSPS (lín na n-uaireanta sa tseachtain a ofráiltear do scoláirí na Sraithe Sóisearaí), bliainmhúinteoirí & teagascóirí ranga (an t-am le daltaí i rith na seachtaine), nascmhodúil GCAT (muna bhfuil an GCAT á ofráil ag an scoil – an líon uaire an chloig a sholáthraíonn múinteoir), an comhordaitheoir ar thaithí oibre srl. Ní liosta uileghabhálach é seo.**

32 uaireanta

- b) An mó den am seo atá tugtha go díreach don Treoirchomhairleoir (í)?

Tabhair aird: luaitear 18 n-uair an chloig, bunaithe ar mholadh na ROS in Imlitir 0001/2016 go bhfuil tacú ag an treoir le feabhsúchán 0.3 breise sa chóimheas daltaí agus múinteoir (CDM) <http://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2016/01.pdf> (lch 1 & 2).

18 Uaireanta (don Treoirchomhairleoir amhain)

- c) An ndearnadh an fhoireann iomlán don Treoir, mar atá i gCiorclán 01/2016; 02/2016 agus 03/2016 (mar is cuí), a dháileadh ar an treoir don scoilbhliain 2016-2017? **SEA**
- d) Ar úsáideadh aon chuid den leithdháileadh don treoir do ghnóthaí neamh-threoir? **NÍ HEA**

Luaigh an méid ama le do thoil

Uaireanta **Nóiméid**

NÍ BHAINÉANN sa chás seo toisc gur TÁ atá i gceist.

Déan cur síos ar an bhfáth gur úsáideadh uaireanta don treoir do ghníomhaíochtaí neamh-threoir? - **NÍ BHAINÉANN sa chás seo**

C 6. Mar chuid dá ról maoirseoireachta, tugann an Bord faomhadh don leithdháileadh ar acmhainní don Treoir - scoilbhliain 2017/18:

a) Cad é an t-leithdháileadh iomlán (uair sa tseachtain) i 2017/18 ag do scoil don treoir scoile uile?

Tabhair aird: déan tagairt do CL 0010/2017 don CDM (0.1) http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0010_2017.pdf

33 uaire an chloig (mar atá i C5a thuas – 1 uair an chloig breise mar gheall ar an bhfeabhsú sa CDM)

b) An mó den am seo atá tugtha go díreach don Treoirchomhairleoir?

Uaireanta **Nóiméid**

22 uaire an chloig (uaire an chloig treoirchomhairleoireachta amháin – meadú toisc feabhsú 0.1 sa CDM)

c) An ndearnadh an fhoireann iomlán don Treoir, mar atá i gCiorclán 10/2017; 11/2017 agus 12/2017 (mar is cuí), a dháileadh ar an treoir don scoilbhliain 2017-2018?

SEA

d) Ar úsáideadh aon chuid den leithdháileadh don treoir do ghnóthaí neamh-threoir? **NÍ hEA**

Luaigh an méid ama le do thoil

Uaireanta **Nóiméid**

NÍ BHAINÉANN sa chás seo toisc gur TÁ atá i gceist.

Déan cur síos ar an bhfáth gur úsáideadh uaireanta don treoir do ghníomhaíochtaí neamh-threoir? - **NÍ BHAINÉANN sa chás seo**

C 7. Treoir Scoile-Uile

a) Is gné lárnach den rath é an cur chuige scoile-uile, comhoibríoch don Treoir. Cé a bhíonn páirteach i ngnéithe den chlár scoile-uile don treoir a sholáthar i 2016/17? **Nóta: 0.5 luaite thíos = 30 nóiméad**

	An leibhéal rannpháirtíochta (mar mheastachán) mar uair a chloig in aghaidh na seachtaine . Féach an freagra tugtha do C 5a thuas)	
	Sea	Ní hea
Príomhoide/Príomhoide tánaisteach	√	2.5
Treoirchomhairleoir	√	18
An fhoireann Tacaíochta Scoláirí	√	4.5
Múinteoir Tacaíochta Foghlama/ Comhordaitheoir RSO	√	0.5
Múinteoir Baile/Scoile/Pobail		√
Cinn Bhliana	√	1
Múinteoir/teagascóir ranga	√	1
Séiplíneach scoile		√
Múinteoirí eile	√	3
Comhairleoir ar chonradh ó lasmuigh		√
Aoichainteoirí/láithreoirí	√	0.5
Eile	√	1

b) Tabhair meastachán ar an meánchéatadán an ama iomlán **sa tseachtain** a thugtar don treoir don tSraith Shóisearach, don tSraith Shinsearach agus eile (mar shampla CIA/PLC). Clúdóidh sé seo gach duine atá gafa leis an treoir scoile-uile, **ina measc** obair an Treoirchomhairleora. Féach an freagra tugtha do C 5a thuas.

<i>Mar atá sa SAMPLA don fhreagra ar Cheist 5a: 32 uaire an chloig</i>	Uaire an chloig
Sraith Shóisearach	10
Sraith Shinsearach (Idirbhliain san áireamh)	22
Eile (m.sh. CIA / PLC)	-

C 8.

a) SRAITH SHÓISEARACH

As an am iomlán a chuirtear ar fáil don treoir sa tSraith Shóisearach, cad é an meánchéatadán ama, mar mheastachán, in aghaidh na seachtaine a thugtar do gach catagóir treoirchleachtas mar atá sa tábla thíos. Clúdóidh sé seo gach duine atá páirteach leis an treoir scoile-uile, ar a n-áirítear obair an Treoirchomhairleora/ na dTreoirchomhairleoirí. Féach ar Cheist 7b (nóta: don Cheist seo, líon iomlán na n-uaire an chloig don tSraith Shóisearach mar atá luaite thuas i.e. is cóir glacadh le 10 n-uaire an chloig mar 100%).

<i>Mar atá sa SAMPLA don fhreagra ar Cheist 7b</i> <i>Is ionann an t-iomlán don tSraith Shóisearach agus 100% i.e. mar atá sa SAMPLA ar an bhfreagra do 10 n-uaire an chloig – is ionann seo agus 100%</i>	%	Uaire an chloig (as iomlán 10 n-uaire an chloig)
Pearsanta & Sóisialta (comhairleoireacht phearsanta san áireamh)	63	6.3
Oideachas	22	2.2
Gairm	15	1.5

b) SRAITH SHINSEARACH

As an am iomlán a chuirtear ar fáil don treoir sa tSraith Shinsearach, meas le do thoil an meánchéatadán ama **in aghaidh na seachtaine** a thugtar do gach catagóir treoirchleachtas mar atá sa tábla thíos. Clúdóidh sé seo gach duine atá páirteach leis an treoir scoile-uile, **ar a n-áirítear** obair an Treoirchomhairleora/ na dTreoirchomhairleoirí. (**Féach ar Cheist 7b** (nóta: don Cheist seo, líon iomlán na n-uaire an chloig don tSraith Shinsearach mar atá luaite thuas i.e. is cóir glacadh le 22 n-uaire an chloig mar 100%).

Mar atá sa SAMPLA don fhreagra ar Cheist 7b Is ionann an t-iomlán don tSraith Shinsearach agus 100% i.e. mar atá sa SAMPLA ar an bhfreagra do 22 n-uaire an chloig – is ionann seo agus 100%	%	Uaire an chloig (as iomlán 10 n-uaire an chloig)
Pearsanta & Sóisialta (comhairleoireacht phearsanta san áireamh)	55	12.1
Oideachas	18	3.9
Gairm	27	5.9

C 9. AN tSRAITH SOISEARACH AGUS AN tSRAITH SHINSEARACH - na treoirchomhairleoirí amháin

a) Tabhair meastachán le do thoil ar mheánchéatadán an ama sa tseachtain **a dháileann an/na Treoirchomhairleoir(i) go díreach** ar na gníomhaíochtaí treoirchomhairleoireachta seo sa **tSraith shóisearach**:

Mar atá sa SAMPLA don fhreagra ar Cheist 7b: 18 n-uaire an chloig (do na treoirchomhairleoirí amháin)

Ar mhaithe leis an bhfreagra samplach seo, meastar am an treoirchomhairleora don tSraith Shinsearach ag 30% den 18 n-uaire an chloig. Déantar eolas don tSraith Shinsearach a lorg i gCeist 9b. Dá bhrí sin, déantar 70% den 18 n-uaire seo a chur leis an tSraith Shinsearach i gCeist 9b.

Sraith	Ba chóir do % iomlán an ama an % ama atá luaite i 9b a chur san áireamh.	Catagóir treoirchleachtas	Déan tagairt don % ama atá luaite don tSraith Shóisearach nuair a bhíonn na % thíos á sholáthar.	Aonar/Grúpa	Déan tagairt don % ama atá luaite don tSraith Shóisearach nuair a bhíonn na % thíos á sholáthar.
Sraith Shóisearach	% den am: 30%	Pearsanta & Sóisialta (comhairleoireacht phearsanta san áireamh)	% den am: 16	Aonar	% den am: 7
		Oideachas	% den am: 9		
		Gairm	% den am: 5		
			Nóta: Ba chóir d'iomlán na % thuas a bheith cothrom le	Grúpa	% den am: 23

			hiomlán na % atá luaite don tSraith Shóisearach		hiomlán na % atá luaite don tSraith Shóisearach
--	--	--	---	--	---

b) Tabhair meastachán le do thoil ar mheánchéatadán an ama sa tseachtain a dháileann an/na Treoirchomhairleoir(i) go díreach ar na gníomhaíochtaí treoirchomhairleoireachta seo sa tSraith Shinsearach. Féach an freagra atá tugtha do Cheist 5b thuas: 18 n-uaire an chloig (do na treoirchomhairleoirí amháin).

Don fhreagra seo déantar am an treoirchomhairleora don tSraith Shóisearach a mheas ag 70% den 18 n-uaire an chloig.

Sraith	Ba chóir do % iomlán an ama an % ama atá luaite i 9b a chur san áireamh.	Catagóir treoirchleachtais	Déan tagairt don % ama atá luaite don tSraith Shinsearach nuair a bhíonn na % thíos á sholáthar.	Aonar/Grúpa	Déan tagairt don % ama atá luaite don tSraith Shinsearach nuair a bhíonn na % thíos á sholáthar.
Sraith Shinsearach	% den ar 70%	Pearsanta & Sóisialta (comhairleoireacht phearsanta san áireamh)	% den am: 32	Aonar	% den am: 43
		Oideachas	% den am: 16	Grúpa	% den am: 27
		Gairm	% den am: 22		
			Nóta: Ba chóir d'iomlán na % thuas a bheith cothrom le hiomlán na % atá luaite don tSraith Shinsearach		

c) Cuir in iúl le do thoil, na trí phríomhréimse a chuireann scoláirí i láthair ag cruinnithe duine-le-duine leis an treoirchomhairleoir sa tSraith Shóisearach. (mar shampla, fadhbanna pearsanta; féinfheasacht; ag bainistiú an próiseas aistrithe go dtí an iar-bhunscoil). Níl siad seo in ord tosaíochta – níl ann ach na trí phríomhréimsí

Réimse	Mar shampla
1	Strus agus ullmhúchán na scrúduithe
2	Aistrithe – an Chéad Bhliain, an tSraith Shinsearach
3	Bulaíocht

c) Cuir in iúl le do thoil, na trí phríomhréimse a chuireann scoláirí i láthair ag cruinnithe duine-le-duine leis an treoirchomhairleoir **sa tSraith Shinsearach**. (mar shampla, fadhbanna pearsanta; féinfheasacht; ag bainistiú an próiseas aistrithe go dtí an iar-bhunscoil). **Níl siad seo in ord tosaíochta – níl ann ach na trí phríomhréimsí**

Réimse	
1	Roghanna abháir
2	Dul chun cinn – roghanna gairm
3	Féinmhuinín agus féinmheas

CUID 3

C 10. Obair an Treoirchomhairleora/ na dTreoirchomhairleoirí

a) Cé mhéad múinteoirí a bhí ainmnithe mar Threoirchomhairleoirí sa scoil i 2016/17? (déan tagairt do cheist 5b)

Múinteoir amháin

b) An bhfuil cáilíocht ghairmiúil sa Threoirchomhairleoireacht ag an/na Treoirchomhairleoir(i)? **SEA**
(Luaigh foinse na gcáilíochtaí seo ó <http://www.ncge.ie/research/become-a-guidance-counsellor/>)

c) Ar fhreastail an/na Treoirchomhairleoir(i) ar FGL ón LNTO(NCGE) le 5 bliana anuas? **SEA**

d) Ar fhreastail an/na Treoirchomhairleoir(i) ar FGL ón ICT(IGC) le 5 bliana anuas? **SEA**

e) Ar fhreastail an/na Comhairleoir(i) um Threoir ar Chlár um Threoir faoi Fheitheoireacht ROS-mhaoinithe? **D'FHREASTAIL**

Cé mhéad seisiún ar a freastalaíodh i 2016-2017? (Roghnaigh ceann amháin)

1		2		3		4	✓	5	
---	--	---	--	---	--	---	---	---	--

f) Ar fhreastail an/na Comhairleoir(i) um Threoir ar aon tacaíocht phiara/imeachtaí líonraithe i 2016/17? (**m.sh. freastal ar chruinnithe craobhe Institiúid na gComhairleoirí Treorach**)

D'FHREASTAIL

Cé mhéad dá leithéid d'imeachtaí ar ar freastalaíodh i 2016/2017? **2**

An raibh a freastal seo údaraithe ag an scoil?

BHÍ

C 11. Tabhair meastachán le do thoil ar na **n-uaireanta i rith na seachtaine, mar mheastachán, a dháiltear ar an Treoirchomhairleoir agus a úsáidtear ar na gníomhaíochtaí seo a leanas bainteach leis an treoir:**

Nóta: d'fhéadfadh na huairé an chloig a luaitear i gCeist 5b a bheith san áireamh i.e. sa sampla atá déanta tá 18 n-uairé an chloig dáilte ar an dtreoirchomhairleoir (is féidir cuntas/tuiscint a thabhairt ar na huairé an chloig thíos sa bhfreagra ar Cheist 9 m.sh. baineann riar na dtrialacha

caighdeánacha leis an tSraith Shóisearach agus leis an tSraith Shinsearach araon). D'fhéadfadh na h-uaire an chloig thíos a bheith sa bhreis ar an 18 n-uaire an chloig seachas iad a bheith laistigh den 18 n-uaire an chloig.

a) Am cainte ar líonrú / Teagmhálacha le Tríú Páirtithe

	Uaireanta
Líonrú agus naisc á chothú leis an bpobal gnó áitiúil, le soláthróirí oideachais, srl.	30 Nóiméad
Obair chomhghuallaíoch agus chomhairleach le gníomhaireachtaí seachtracha m.sh. atreorú, eolas; SNSO (NEPS)	Uair amháin
Freastal le scoláirí ag taispeántais ghairme /laethanta oscailte	30 Nóiméad
Trialacha caighdeánacha a riar	Uair amháin
Teagmháil le hiarscoláirí	20 Nóiméad
Teagmháil le tuismitheoirí: cuir i láthair san oíche, cruinnithe, glaochanna gutháin	Uair amháin

b) An t-am a chaitear ar riarachán.

	Uaireanta
Freastal ar chruinnithe bainteach leis an treoir scoile-uile	30 Nóiméad
An t-am a chaitear ar an bPlean um Threoir	35 Nóiméad
Riarachán ginearálta, obair oifige, comhadú srl.	90 Nóiméad

C 12. ATREORUITHE GO SEIRBHÍSÍ EILE.

Inis dúinn, le do thoil, faoi leibhéil na n-atreoruithe go gníomhaireachtaí seachtracha agus/nó go gníomhaireachtaí tacaíochta a rinneadh **sa scoilbhliain 2016/17 go dáta** tar éis do thacaíocht duine le duine a bheith ar fáil ón Treoirchomhairleoir (**Déan é seo a áireamh mar % de líon iomlán na scoláirí a mbíonn tacaíocht duine-le-duine á fháil acu**).

Féach ar cheist 9. Sa sampla atá déanta thuas, chonacthas 7% de scoláirí na Sraithe Sóisearaí don tacaíocht duine-le-duine.

Sa sampla atá déanta thuas chonacthas 43% de na scoláirí sa tSraith Shinsearach don tacaíocht duine-le-duine.

Chonacthas 50% de na scoláirí don tacaíocht duine-le-duine – ní raibh gá le hathtreoruithe go seirbhísí eile do gach scoláire

Seirbhís	%
Oibrí Sóisialta ar Dualgas	4%
Oifigeach Idirchaidrimh de chuid an Gharda Síochána	
SMSLÓ (CAMHS)	
SNSO (NEPS)	8%
CNOS (NCSE)	
Tusla	4%
SNTI (NBSS)	2%
Seirbhísí Míchumais	1%
Comhairleoireacht/Seirbhísí Síctearipe	10%
Eile	

Go raibh maith agat as am a ghlacadh chun an Tuairisceán Comhlíontachta um Threoir Scoile a chomhlánú. Ba chóir do scoileanna a dheimhniú go gcuirtear é ar ais, tríd an suirbhé ar líne, chuig an Roinn faoi 26 Deireadh Fómhair 2017.